AN CHOMHAIRLE EORPACH

**An Bhruiséil, 30 Samhain 2011 (01.12)**
**(OR. en)**

**EUCO 52/1/11**
**REV 1**

**CO EUR 17**
**CONCL 5**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Na Toscaireachtaí |
| Ábhar: | **AN CHOMHAIRLE EORPACH**<br>**23 DEIREADH FÓMHAIR 2011**<br><br>**CONCLÚIDÍ** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an leagan athbhreithnithe de na conclúidí ón gComhairle Eorpach (23 Deireadh Fómhair 2011).

---

*Chomh maith le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin láithreacha atá ann mar thoradh ar an ngéarchéim airgeadais, tá sé riachtanach go dtreiseofar na hiarrachtaí chun an fás inbhuanaithe lena gcruthófaí poist a áirithiú. Tá comhdhlúthú buiséadach agus laghdú an fhiachais ríthábhachtach d'fhonn inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí a áirithiú agus chun muinín a spreagadh arís. Ag an am céanna, is gá gníomh daingean a dhéanamh chun an geilleagar a neartú sa ghearrthéarma. Tá sé thar a bheith tábhachtach mar sin go gcuirfidh an tAontas Eorpach gnéithe uile straitéis Eoraip 2020 chun feidhme. Cuirfidh na Ballstáit dlús le hathchóirithe struchtúracha i gcomhréir leis na moltaí a rinneadh i gcomhthéacs an tseimeastair Eorpaigh. Faoi chuimsiú an chreata sin, shainaithin an Chomhairle Eorpach roinnt tosaíochtaí inniu ar cheart iad a chur i bhfeidhm go mear mar gheall ar an tionchar suntasach a bheidh acu ar phoist agus ar an bhfás, sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. D'iarr sí freisin go leagfaí béim níos láidre ar na gnéithe sin de bheartais sheachtracha an Aontais Eorpaigh lena neartófaí an fás, sa chaoi go gcuirfí leis an bhfás san Eoraip a mhéid is féidir agus go leagfaí síos na dálaí chun tuilleadh infheistíochta a mhealladh ón gcoigcríoch. Leag an Chomhairle Eorpach amach seasamh an Aontais don Chruinniú Mullaigh G20, agus príomhthosaíocht á tabhairt do chobhsaíocht airgeadais a chothabháil agus don fhás a athbhunú. Ina theannta sin, phléigh an Chomhairle Eorpach an t-ullmhúchán do Chomhdháil Durban ar an athrú aeráide, agus leag sí béim ar an ngá atá ann céimeanna uaillmhianacha a thógáil i dtreo creata chuimsithigh dhomhanda a bheadh ceangailteach ó thaobh an dlí de, don tréimhse ó 2012 ar aghaidh.*

°

° °

## I. <u>AN BEARTAS EACNAMAÍOCH</u>

1. I bhfianaise na tuarascála ón gCoimisiún maidir le **réimsí lena neartaítear an fás** agus de thoradh ar an gcomhdháil pholaitiúil maidir le foinsí an fháis a tionóladh an 6 Deireadh Fómhair 2011, shainaithin an Chomhairle Eorpach líon teoranta príomhthosaíochtaí don bheartas eacnamaíoch inmheánach nach mór a shaothrú sa ghearrthéarma d'fhonn fás a bhaint amach a bheadh cliste, inbhuanaithe, cuimsitheach agus glas:

   (a) Beidh ról lárnach ag an Margadh Aonair i gcothú an fháis agus na fostaíochta. Ba cheart gach iarracht a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh comhaontú ann, faoi dheireadh 2012, ar an 12 thogra tosaíochta a leagtar amach sa <u>Ghníomh um an Margadh Aonair</u>, agus tús áite á thabhairt do na cinn is tairbhí ó thaobh an fháis agus ó thaobh post. Má chuirtear an Treoir um Sheirbhísí chun feidhme go hiomlán, beidh tairbhí suntasacha eacnamaíocha ann dá barr; ba cheart go ndéanfadh na Ballstáit an Treoir sin a chur chun feidhme faoi dheireadh na bliana seo agus a áirithiú go mbeidh na hionaid ilfhreastail ag feidhmiú go hiomlán agus go mbeidh na hoibreoirí eacnamaíocha go hiomlán ar an eolas faoi na deiseanna nua a thairgtear léi. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar fáil maidir leis an tsaincheist sin faoi dheireadh na bliana 2011.

(b) Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún an treochlár a thíolacadh go pras maidir leis an Margadh Aonair Digiteach a chur i gcrích faoin mbliain 2015, agus tosaíocht a thabhairt do thograí a bheidh dírithe ar Mhargadh Aonair Digiteach a chur chun cinn a bheidh go hiomlán comhtháite, tríd an ríomhthráchtáil agus úsáid trasteorann na seirbhísí ar líne a éascú. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar dhul chun cinn mear a dhéanamh chun na cuspóirí a leagtar síos sa Chlár Oibre Digiteach a bhaint amach i leith an chlúdaigh leathanbhanda, chun an tsainaithint shlán leictreonach agus an fíordheimhniú leictreonach a éascú agus chun córas cóipchirt na hEorpa a nuachóiriú lena áirithiú go mbeadh buntáiste ag an AE ó thaobh na hiomaíochta de agus d'fhonn deiseanna a chruthú do shamhlacha nua gnó, agus, ag an am céanna, ardleibhéal cosanta á áirithiú ar na cearta maoine intleachtúla, agus an éagsúlacht chultúrtha á cur san áireamh. Iarrann an Chomhairle Eorpach go dtiocfar ar chomhaontú pras maidir le clár an Bheartais don Speictream Raidió.

(c) Ba cheart an dlús a choimeád i ndáil le cur chun feidhme Chlár Gníomhaíochta 2007 chun an t-ualach riaracháin a laghdú le go bhféadfaí laghdú 25% a bhaint amach faoi 2012; ba cheart dul chun cinn níos gasta a dhéanamh maidir leis na cuntais bhliantúla, dlí na gcuideachtaí, cánachas agus custam. Iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfar na tograí um shimpliú atá os comhair na Comhairle agus na Parlaiminte a ghlacadh go pras.

Iarrtar ar an gCoimisiún tuilleadh a dhéanamh chun an t-ualach rialála foriomlán a laghdú, go háirithe d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide, lena n-áirítear trí mhodhanna oibre nithiúla a mholadh faoi chuimsiú chlár oibre na Rialála Cliste. Tá gealltanas tugtha cheana aige measúnú a dhéanamh ar thionchar na rialachán atá le teacht ar na micrifhiontair agus scagadh a dhéanamh ar an acquis chun oibleagáidí atá ann cheana a shainaithint óna bhféadfaí na micrifhiontair a eisiamh. Tá an Chomhairle Eorpach ag súil leis an tuarascáil ón gCoimisiún atá ar na bacáin, chun filleadh ar na saincheisteanna sin ag a cruinniú i mí na Nollag 2011.

(d) Áiritheoidh na Ballstáit go léireofar go hiomlán na moltaí a bhaineann go sonrach le tír faoi leith sna cinntí náisiúnta i ndáil leis an mbeartas buiséadach agus le hathchóirithe struchtúracha, i bhfianaise a thábhachtaí agus a riachtanaí atá siad i dtaca le hairgeadas poiblí inbhuanaithe a áirithiú agus chun an fhostaíocht agus an fás a chruthú. Ag tacú di leis an méid sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle bearta a chur i gcrích, i gcomhar leis an gCoimisiún, lena áirithiú go dtacóidh gach gníomh ar leibhéal an Aontais Eorpaigh go hiomlán le fás eacnamaíoch agus le cruthú post.

2. Is réimsí lárnacha iad an fuinneamh, lena n-áirítear éifeachtúlacht fuinnimh, agus an taighde agus an nuálaíocht chun fás a chur chun cinn. Déanfaidh an Chomhairle Eorpach an dul chun cinn a dhéanfar sna réimsí sin a mheas i mí na Nollag 2011 agus i mí an Mhárta 2012 faoi seach, i bhfianaise na dtreoracha nithiúla a leagadh amach i mí na Feabhra 2011. Iarrann sí go ndéanfar na bearta sin a mbeidh tionchar díreach acu ar an bhfás a chur chun feidhme gan mhoill.

3. Siocair go bhfuil níos mó brú á chur ar bhuiséid náisiúnta leis an ngéarchéim, tá sé tábhachtach go mbainfear an leas is fearr as na hacmhainní atá ar fáil, go háirithe i dtíortha a bhfuil clár um choigeartú á chur chun feidhme acu. Iarrann an Chomhairle Eorpach go nglacfar, faoi dheireadh na bliana, na tograí chun na rátaí cómhaoinithe do chistí AE a ardú go sealadach, agus go n-úsáidfear na cistí sin chun díriú ar an bhfás, ar an iomaíochas agus ar an bhfostaíocht. Iarrtar ar an mBanc Eorpach Infheistíochta féachaint, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, an bhféadfaí breis infheistíochta a spreagadh san Eoraip, lena n-áirítear i dtíortha ina bhfuil clár um choigeartú á chur chun feidhme.

4. Tá uirlisí níos cumhachtaí ag an Aontas Eorpach anois chun feabhas a chur ar a **rialachas eacnamaíoch** agus chun a áirithiú go ndéanfar na bearta is gá le go dtiocfaidh an Eoraip as an ngéarchéim seo: leis an straitéis Eoraip 2020, tá treoir á tabhairt i gcónaí don Aontas agus do na Ballstáit maidir le hathchóirithe struchtúracha a chur chun cinn lena neartaítear an fás; leis an seimeastar Eorpach, cabhrófar lena áirithiú go leanfaidh siad de na hathchóirithe sin a chur chun feidhme ar bhealach comhordaithe; agus leis an gComhshocrú Euro Plus, bainfear cáilíocht nua amach i ndáil le comhordú an bheartais eacnamaíoch i measc na mBallstát atá rannpháirteach. Féadfar i bhfad níos mó faireachais agus comhordaithe a dhéanamh anois leis an bpacáiste de shé cinn de ghníomhartha reachtacha maidir leis an rialachas eacnamaíoch ar comhaontaíodh orthu an mhí seo caite agus beidh an faireachas agus an comhordú sin riachtanach chun airgeadas poiblí inbhuanaithe a áirithiú agus chun carnadh míchothromaíochtaí iomarcacha a sheachaint. Tá an Chomhairle Eorpach lándiongbháilte go ndéanfaidh sí an creat nua sin a chur chun feidhme d'fhonn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go hiomlán, ar bhealach éifeachtach é. Sa chomhthéacs sin, fáiltímid roimh an rún atá ag an gCoimisiún ról an Choimisinéara inniúil a neartú sa Choimisiún, d'fhonn faireachán níos dlúithe a dhéanamh agus ar mhaithe le forfheidhmiú breise.

5. Ní mór don chéad seimeastar Eorpach eile bheith chomh huaillmhianach agus is féidir agus ceachtanna a fhoghlaim ón méid a tharla go dtí seo. Fearann an Chomhairle Eorpach fáilte roimh an rún ón gCoimisiún an Suirbhé Bliantúil Fáis a thabhairt chun tosaigh go mí na Nollag 2011, rud a chuirfidh ar chumas na Comhairle ullmhúchán críochnúil a dhéanamh do Chomhairle Eorpach an Earraigh i 2012. Tiocfaidh na Ceannairí Stáit nó Rialtais ar ais i mí na Nollag 2011 chuig cuid de na téamaí a bhí sa Chomhshocrú Euro Plus; cuirfear ar an eolas iad chomh maith faoin dul chun cinn a bheidh déanta sa phlé struchtúraithe ar shaincheisteanna maidir le beartais chánach a chomhordú. Tá obair reachtach á déanamh maidir leis na tograí ón gCoimisiún le haghaidh comhbhonn comhdhlúite cánach corparáide. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire an togra ón gCoimisiún maidir le cáin ar idirbhearta airgeadais.

6. Is príomhthosaíocht i gcónaí é ar leibhéal an AE agus ar an leibhéal domhanda go ndéanfar an rialáil airgeadais a neartú. Tá dul chun cinn nach beag déanta ó 2008 leis an athchóiriú ar ár gcreat rialúcháin agus maoirseachta, ach ba cheart leanúint le hiarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar na laigí atá sa chóras airgeadais agus chun géarchéimeanna eile a sheachaint amach anseo. Fáiltíonn an Chomhairle Eorpach roimh an gcomhaontú ar thángthas air maidir le díol folamh agus iarrann sí go ndéanfar na tograí reachtacha tábhachtacha eile a ghlacadh go tapa, amhail iad siúd a bhaineann le díorthaigh thar an gcuntar agus le scéimeanna ráthaíochta taiscí, ar cheart iad a ghlacadh faoi dheireadh na bliana seo, agus na tograí maidir le riachtanais chaipitil, ar cheart iad a ghlacadh faoi shamhradh 2012. Fáiltíonn sí roimh na tograí maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus maidir le mí-úsáid an mhargaidh agus tá sí ag súil leis na tograí ón gCoimisiún maidir le gníomhaireachtaí rátála creidmheasa agus maidir le bainistiú agus réiteach ar ghéarchéim na baincéireachta.

   Fáiltíonn an Chomhairle Eorpach roimh an dul chun cinn a rinne an Chomhairle (ECOFIN) maidir le bearta d'earnáil na baincéireachta agus iarrann sí ar an gComhairle bailchríoch a chur ar an obair sin ag an gcruinniú a bheidh aici an 26 Deireadh Fómhair. Beidh na bearta sin ina gcuid thábhachtach de phacáiste níos leithne agus tiocfar ar chomhaontú maidir le gnéithe eile den phacáiste sin ag an gCruinniú Mullaigh faoin Euro an 26 Deireadh Fómhair.

7. Chuir an tUachtarán an Chomhairle Eorpach ar an eolas faoi staid na n-ullmhúchán maidir leis an gCruinniú Mullaigh faoin Euro an 23 agus an 26 Deireadh Fómhair. Chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach go bhfuil gá le comhsheasmhacht maidir le gníomhaíochtaí an limistéir euro agus an Aontais Eorpaigh, agus sláine an Aontais Eorpaigh ina iomláine á hurramú go cuí agus an tAontas ag feidhmiú le 27 mBallstát. Sa chomhthéacs sin, tá freagracht ar an gCoimisiún Eorpach a áirithiú go mbeidh reachtaíocht ón AE á comhlíonadh ag gach ceann de na 27 mBallstát, lena n-áirítear an reachtaíocht sin a bhaineann leis an margadh inmheánach, agus a áirithiú go mbeadh cothrom na Féinne idir na Ballstáit go léir, lena n-áirítear na Ballstáit sin nach bhfuil páirteach sa euro. Ceapfaidh Ceannairí Stáit nó Rialtais an limistéir euro Uachtarán an Chruinnithe Mullaigh faoin Euro ag an am céanna a thoghfaidh an Chomhairle Eorpach a hUachtarán agus don tréimhse oifige chéanna. Go dtí go mbeidh an chéad toghchán eile sin ann, is é Uachtarán reatha na Comhairle Eorpaí a bheidh ina chathaoirleach ar na Cruinnithe Mullaigh faoin euro. Déanfaidh Uachtarán an Chruinnithe Mullaigh faoin euro na Ballstáit sin nach bhfuil sa limistéar euro a choimeád ar an eolas faoi ullmhú agus faoi thoradh na gCruinnithe Mullaigh. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire go bhfuil sé i gceist ag Ceannairí Stáit nó Rialtais an limistéir euro breathnú ar chóineasú eacnamaíoch a neartú tuilleadh sa limistéar euro, agus ar smacht fioscach a fheabhsú agus aontas eacnamaíoch a threisiú, chomh maith le féachaint an bhféadfaí athruithe teoranta a dhéanamh ar na Conarthaí. Meabhraíonn an Chomhairle Eorpach go gcaithfidh gach ceann de na 27 mBallstát aontú maidir le haon athrú ar na Conarthaí. Tabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh arís ar an tsaincheist i mí na Nollag, ar bhonn tuarascála ó Uachtarán na Comhairle Eorpaí i ndlúthchomhar le hUachtarán an Choimisiúin agus le hUachtarán an Ghrúpa Euro.

8. Maidir le **gnéithe seachtracha an bheartais eacnamaíoch**, leanfaidh an Eoraip de thrádáil shaor, chothrom agus oscailte a chur chun cinn i gcónaí agus ag an am céanna a leas féin a chosaint, de mheon na comharaíochta agus an leasa choitinn, i ndáil le geilleagair mhóra an domhain. Féadfaidh an tAontas Eorpach roinnt beart a dhéanamh ina chaidreamh eachtrach lena gcuirfí lena acmhainn fáis, sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma araon:

(a) Cé gur cuspóirí ríthábhachtacha i gcónaí iad an córas iltaobhach a neartú agus a leathnú agus Babhta Doha an EDT a thabhairt chun críche, i bhfianaise na mbuntáistí a bhfuiltear ag súil leo dá mbarr ó thaobh an fháis agus chruthú na bpost de, ba cheart fós féin béim bhreise a leagan ar chomhaontuithe déthaobhacha agus ar chomhaontuithe réigiúnacha, go háirithe leis na comhpháirtithe straitéiseacha agus leis na comhpháirtithe sin a bhfuil méadú suntasach ag teacht ar a margaí. Ní mór, leis na hiarrachtaí sin, féachaint le fáil réidh le bacainní trádála, le rochtain níos fearr a thabhairt ar an margadh, le dálaí iomchuí infheistíochta a bhunú, le maoin intleachtúil a chosaint, leis an rochtain a leathnú ar amhábhair agus na margaí soláthair phoiblí a oscailt. Maidir leis an gceann deireanach sin thuas, tá an Chomhairle Eorpach ag súil leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh ionstraime de chuid an AE.

(b) Ba cheart don Aontas tairbhe a bhaint as an gcaidreamh speisialta atá aige leis na réigiúin atá lámh leis d'fhonn ceangal eacnamaíoch níos dlúithe agus deiseanna nua trádála agus infheistíochta a chothú, lena n-áirítear trí chomhaontuithe saorthrádála doimhne cuimsitheacha, nuair is iomchuí sin. Is infheistíocht ríthábhachtach é don rathúnas réigiúnach, go ndéanfaí timpeallacht a chothú ar fud chomharsanacht an AE lena dtacófaí leis an ngnó. Ba cheart don Aontas féachaint le hearnálacha sonracha a chomhtháthú, ar earnálacha iad a mbíonn an-tionchar acu ar an bhfás agus ar an bhfostaíocht, amhail earnálacha an fhuinnimh agus na heitlíochta.

(c) Ba cheart don Aontas féachaint le tairbhe iomlán a bhaint as córas rialála atá á chur i bhfeidhm i limistéar eacnamaíoch atá ag dul i méid, agus bheith mar cheann feadhna ó thaobh na caighdeáin a leagan síos. Ba cheart dó beartas cuimsitheach infheistíochta a fhorbairt, arb é is aidhm dó infheistíocht sa dá threo a léirscaoileadh agus a chosaint ar bhealach éifeachtach agus é mar chuid dhílis de chomhbheartas foriomlán tráchtála an Aontais. Ba cheart don Aontas a áirithiú freisin gur mó an comhleanúnachas a bheadh ann idir na gnéithe seachtracha de bheartais earnálacha amhail an fuinneamh, an t-iompar agus víosaí, i gcomhthéacs foriomlán a leasanna eacnamaíocha agus a chuspóirí beartais eachtraigh.

9. Rachfar chun cinn mar thosaíocht leis an obair atá ar bun maidir leis na saincheisteanna sin, agus cuirfear na hacmhainní agus na hionstraimí is gá ar fáil chuige sin. Iarrtar ar an gCoimisiún tuarascáil ar an dul chun cinn a dhéanamh faoin earrach seo chugainn. Nuair is gá, díreofar níos mó, i gcruinnithe mullaigh an AE le tríú tíortha agus le tríú réigiúin, ar na saincheisteanna atá fós gan réiteach a réiteach i gcomhaontuithe atá á gcaibidil leo.

## II. G20

10. Phléigh an Chomhairle Eorpach an t-ullmhúchán atá á dhéanamh do Chruinniú Mullaigh an G20 in Cannes. Dheimhnigh an Chomhairle na treoracha ar tháinig sí ar chomhaontú fúthu agus í ag ullmhú do chruinnithe airí an G20 maidir le hAirgeadas, Talmhaíocht, Fostaíocht agus Forbairt.

11. Tá gá le gníomhú daingean chun an chobhsaíocht airgeadais a choimeád ar bun, chun muinín a athspreagadh agus chun tacú leis an bhfás agus le cruthú post. Ba cheart don G20 plean gníomhaíochta uaillmhianach a cheadú ina mbeadh gealltanais agus beartais shonracha ó thíortha uile an G20 chun freagairt do na dúshláin mhóra atá romhainn i ngeall ar an gcúlú eacnamaíochta, agus chun fás láidir, inbhuanaithe agus cothrom a áirithiú, agus comhdhlúthú fioscach inchreidte á chur chun feidhme.

12. Le Cruinniú Mullaigh Cannes, ba cheart dul chun cinn fónta a dhéanamh i ndáil leis na nithe seo a leanas:

(a) <u>an córas airgeadaíochta idirnáisiúnta (IMS) a athchóiriú</u>, go háirithe trí uirlisí faireachais agus uirlisí bainistithe géarchéime a neartú agus trí bheartais eacnamaíocha agus airgeadaíochta a chomhordú ar bhealach níos fearr; ba cheart gur beartais fhónta mhaicreacnamaíocha a bheadh mar chéad fhreagairt againn ar aon suaitheadh i sreabhadh an chaipitil agus ba cheart don G20 leanúint de mhargaí oscailte caipitil a chur chun cinn i gcónaí agus an chaomhnaitheacht airgeadais a sheachaint; táthar ag súil le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ar bhealach critéir-bhunaithe, chun cur leis an gciseán maidir le cearta speisialta tarraingte, rud a chuideoidh le forbairt an IMS, bunaithe ar na critéir atá ann cheana. Ba cheart don G20 a áirithiú go mbeadh acmhainní leordhóthanacha ag an CAI chun na freagrachtaí sistéamacha atá air a chomhlíonadh agus ba cheart dó féachaint an bhféadfadh tíortha a bhfuil barrachas seachtrach mór acu cuidiú leis an CAI.

(b) rialú agus maoirseacht earnáil an airgeadais a neartú, trína áirithiú go ndéanfar na gealltanais a tugadh roimhe seo a chur chun feidhme go hiomlán agus ar bhealach comhsheasmhach, rud a fhágann go gcaithfear Basel II, II-5 agus Basel III a chur chun feidhme ar bhealach comhsheasmhach, in am trátha, agus go gcaithfear díorthaigh thar an gcuntar a athchóiriú, mar aon le prionsabail agus caighdeáin an luach saothair. Ní mór dul chun cinn a dhéanamh maidir le creataí a bheadh comhsheasmhach go hidirnáisiúnta a bhaint amach do gach foras airgeadais a bhfuil tábhacht shistéamach ag baint leis, maidir le dlínsí nach bhfuil ag comhoibriú a shainaithint agus a liostú go poiblí, maidir le caighdeáin chuntasaíochta a chóineasú, maidir le rialú an chórais scáthbhaincéireachta a neartú, maidir le tearmainn chánacha a chomhrac agus an ró-spleáchas ar an rátáil chreidmheasa a laghdú. Chun coinneáil le hathchóiriú uaillmhianach airgeadais, neartófar bunús institiúideach, acmhainní agus rialachas an Bhoird um Chobhsaíocht Airgeadais. Ba cheart féachaint an bhféadfaí cáin dhomhanda ar idirbhearta airgeadais a thabhairt isteach agus a fhorbairt;

(c) an ró-luaineacht i bpraghsanna tráchtearraí a chomhrac, go háirithe trí chur leis an trédhearcacht i margaí tráchtearraí agus trí fheidhmiú agus rialú na margaí díorthach a fheabhsú; is céim thábhachtach chun cinn é Plean Gníomhaíochta an G20 maidir le luaineacht phraghsanna bia agus an talmhaíocht chun freagairt chomhordaithe idirnáisiúnta a thabhairt ar an dúshlán a bhaineann le slándáil bia;

(d) an téarnamh domhanda agus an fás inbhuanaithe, cuimsitheach a chur chun cinn trí thacú le clár oibre gníomhach idirbheartaíochta ón EDT, lena n-áirítear clár oibre do na tíortha is lú forbairt, agus trí Chlár Oibre an G20 um Fhorbairt a chur chun feidhme go hiomlán trí bhearta nithiúla; ba cheart an ghné shóisialta den domhandú a fheabhsú chomh maith;

(e) léirscaoileadh trádála a thabhairt chun cinn agus cur in aghaidh na caomhnaitheachta go háirithe trí theacht ar chomhaontú maidir le plean inchreidte mar bhunús chun Babhta Forbartha Doha a thabhairt chun críche agus féachaint ar chur chuige nuálach chun an córas iltaobhach trádála a neartú;

(f) an t-athrú aeráide a chomhrac, go háirithe trí leas a bhaint as foinsí maoiniúcháin i dtaca leis an athrú aeráide.

## III. AN tATHRÚ AERÁIDE

13. Tacaíonn an Chomhairle Eorpach leis na Conclúidí ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair agus an 10 Deireadh Fómhair 2011, ina leagtar amach go mion seasamh an AE do Chomhdháil Durban ar an athrú aeráide. Tá sé an-tábhachtach go mbeadh réimeas uaillmhianach idirnáisiúnta ann chun an t-athrú aeráide a chomhrac, má táimid chun an cuspóir comhaontaithe a bhaint amach, .i. nach mó ná méadú 2°C a bheidh ar na teochtaí domhanda. Féachfaidh an tAontas Eorpach chuige gur toradh uaillmhianach, cothrom a bheidh ar Chomhdháil Durban, ag cur leis an méid a comhaontaíodh in Cancún anuraidh. Tá sé práinneach go dtiocfar ar chomhaontú maidir le próiseas a rachaidh i dtreo creata chuimsithigh a bheadh ceangailteach ó thaobh an dlí agus ar amlíne a shonrófar go soiléir, agus go n-áiritheofar go mbeidh rannpháirtíocht dhomhanda ann, lena n-áirítear rannpháirtíocht ó na geilleagair mhóra. Deimhníonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil an tAontas Eorpach oscailte don dara tréimhse gealltanais faoi Phrótacal Kyoto mar chuid den aistriú go creat mar sin, mar a leag an Chomhairle amach an 10 Deireadh Fómhair 2011.

14. Fearann an Chomhairle Eorpach fáilte roimh an obair leanúnach atá á déanamh ag an bPainéal Ardleibhéil ar an Inbhuanaitheacht Dhomhanda, a bhunaigh ARNA, chun bealaí nua éifeachtacha a aimsiú chun an fhorbairt inbhuanaithe dhomhanda a chur chun cinn.

## IV. AN BEARTAS EACHTRACH

15. Tá sé mar rún daingean ag an Eoraip i gcónaí tacú leis an athrú daonlathach ar Chomharsanacht an Deiscirt trí Bheartas Comharsanachta na hEorpa. Tá an t-athrú daonlathach agus an fhorbairt eacnamaíoch sa réigiún ina iomláine ríthábhachtach chun daonlathas a bhunú, agus an smacht reachta, cearta an duine agus cearta sibhialta á n-urramú go hiomlán. Agus tionscadail shonracha á seoladh go pras laistigh den Aontas le haghaidh na Meánmhara, féadfar cuidiú go mór leis an bpróiseas sin.

16. Le bás Muammar Gaddafi, tá deireadh ré tagtha ar an bhforlámhas agus ar an mbrú faoi chois a d'fhulaing muintir na Libia ar feadh i bhfad. Is féidir leis an Libia bogadh ar aghaidh inniu, athmhuintearas náisiúnta a bhaint amach agus aghaidh a thabhairt ar thodhchaí daonlathach.

Tugann an Chomhairle Eorpach ómós do mhuintir na **Libia** as an misneach agus as an diongbháilteacht a léirigh siad. Tá sí ag súil go gcuirfear rialtas cuimsitheach, leathanbhunaithe ar bun, go mbeidh aistriú daonlathach, síochánta agus trédhearcach ann a mbeidh áit ann do phobal iomlán na Libia, agus tá sí ag súil freisin go n-ullmhófar saorthoghcháin chóra i gcomhréir leis an Dearbhú Bunreachtúil ón gComhairle Náisiúnta Idirthréimhseach. Athdhearbhaíonn sí gealltanas an Aontais Eorpaigh tacú leis an Libia agus leis an daonlathas atá ag teacht chun cinn. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a tacaíocht chun **Éigipt** dhaonlathach, iolraíoch agus sheasmhach a bhaint amach mar chomhpháirtí lárnach san AE. Tá cúram ríthábhachtach ar na húdaráis eatramhacha chun an chéad toghchán daonlathach, trédhearcach a eagrú, agus ag an am céanna an t-ord poiblí a áirithiú ar bhealach a urramódh cearta an duine. Is cúis imní é don Chomhairle Eorpach an t-achrann tragóideach a tharla san Éigipt le déanaí agus leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé go gcuirfí saoirse reiligiúin agus saoirse creidimh chun cinn, agus go ndéanfaí an tsaoirse sin a chosaint, lena n-áirítear cosaint ar mhionlaigh creidimh, mar dhlúthchuid d'aon tsochaí dhaonlathach. Fáiltíonn an Chomhairle Eorpach roimh an gcéad saorthoghchán sa **Túinéis** inniu. Tacóidh an tAontas Eorpach leis na húdaráis nua agus iad ag iarraidh cuidiú leis an daonlathú agus leis an bhforbairt eacnamaíoch inbhuanaithe, lena n-áirítear trí Thascfhórsa an AE agus na Túinéise.

17. Tacaíonn an Chomhairle Eorpach go hiomlán leis na Conclúidí ón gComhairle a glacadh an 10 Deireadh Fómhair maidir leis **an tSiria**. Ní mór go bhféadfadh muintir na Siria todhchaí a dtíre a shainiú gan faitíos roimh dhiansmacht. Fearann an Chomhairle Eorpach fáilte roimh iarrachtaí an fhreasúra pholaitiúil teacht ar chomhaontú lena chéile. Is céim mhór chun cinn é bunú Chomhairle Náisiúnta na Siria. Tá imní ar an gComhairle Eorpach i gcónaí faoin staid mar atá sa tSiria, agus fógraíonn sí go dtacaíonn sí go láidir le muintir na Siria agus iad ag iarraidh a dtoilmhianta dlisteanacha a chur in iúl, .i. maireachtáil faoi shaoirse agus le dínit. Cáineann sí go láidir an chos ar bolg bhrúidiúil atá á déanamh i gcónaí ag réimeas na Siria i gcoinne a mhuintire féin, chomh maith leis na sáruithe atá á ndéanamh go forleathan ar chearta an duine. Níor mór don Uachtarán Assad éirí as agus ligean d'athrú polaitiúil tarlú sa tSiria. Chinn an AE bearta sriantacha a ghlacadh a bheadh dírithe orthu siúd atá freagrach as an mbrú faoi chois foréigneach nó atá bainteach leis agus orthu siúd a thugann tacaíocht don réimeas nó a bhaineann tairbhe as; seachas bearta a bheadh dírithe ar an daonra sibhialtach. Cuirfidh an AE bearta breise níos cuimsithí i bhfeidhm i gcoinne an réimis fad a leanfar leis an gcos ar bolg atá á déanamh ar an daonra sibhialtach. Gríosaíonn an Chomhairle Eorpach baill uile Chomhairle Slándála na NA a gcuid freagrachtaí a ghlacadh maidir leis an staid sa tSiria.

18. Fearann an Chomhairle Eorpach fáilte roimh atreisiú bhearta sriantacha an AE i gcoinne na **hIaráine** mar fhreagairt ar sháruithe do-ghlactha ar chearta an duine agus roimh ghlacadh beart sriantach i gcoinne cúigear duine aonair tar éis gur sáraíodh a bplean Ambasadóir na hAraibe Sádaí chun na Stát Aontaithe a fheallmharú. Gríosaíonn sí an Iaráin gach oibleagáid a urramú faoin dlí idirnáisiúnta. Léiríonn sí gur cúis imní di i gcónaí é fairsingiú chláir núicléacha agus diúracán na hIaráine, atá ina shárú ar Rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus ón nGníomhaireacht Idirnáisiúnta d'Fhuinneamh Adamhach, chomh maith leis an easpa comhair a léiríonn an Iaráin leis an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta d'Fhuinneamh Adamhach i ndáil le tabhairt faoi shaincheisteanna atá fós gan réiteach, lena n-áirítear na saincheisteanna sin a chuireann in iúl go bhféadfadh sé go mbeadh gnéithe míleata sa chlár núicléach.
Gríosaímid an Iaráin dul i mbun comhráití suntasacha cuiditheacha leis an E 3+3 d'fhonn teacht ar réiteach cuimsitheach fadtéarmach a ndéanfar idirbheartaíocht ina thaobh ar an tsaincheist núicleach chun go seachnófaí tuilleadh beart sriantach. Ag an am céanna, iarann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle Gnóthaí Eachtracha bearta sriantacha nua a ullmhú a ndéanfar cinneadh ina leith agus a chuirfear chun feidhme ag an tráth is iomchuí sa chás nach leanfadh an Iaráin go dáiríre lena comhar nó sa chás nach gcomhlíonfadh sí a hoibleagáidí. Tacaíonn sí leis an ráiteas a thug an tArdionadaí uaithi an 21 Meán Fómhair. Athdhearbhaíonn sí tiomantas an Aontais Eorpaigh oibriú chun réiteach taidhleoireachta a bhaint amach don tsaincheist seo.

19. Ba chúis sásaimh don Chomhairle Eorpach an dara Cruinniú Mullaigh de chuid **Chomhpháirtíocht an Oirthir** a reáchtáladh i Vársá an 29-30 Meán Fómhair agus fearann sí fáilte roimh rún ón Ardionadaí agus ón gCoimisiún Eorpach treochlár a leagan amach ina ndéanfaí liosta de na cuspóirí, na hionstraimí agus na gníomhaíochtaí i bhfianaise Chruinniú Mullaigh Chomhpháirtíocht an Oirthir a bheidh ann sa dara leath de 2013. Beidh luas agus doimhneacht chomhlachas polaitiúil agus chomhtháthú eacnamaíoch na dtíortha sin leis an AE ag brath ar an mbealach a ndéanfaidh siad na prionsabail dhaonlathacha agus an smacht reachta atá mar bhunús den Chomhpháirtíocht a chosaint.

---

**IARSCRÍBHINN**

**RÁITEAS ÓN gCOMHAIRLE EORPACH**

Is cúis mhór sásaimh don Chomhairle Eorpach an fógra a tugadh an 20 Deireadh fómhair go bhfuil scor deireanach á chur ar ghníomhaíocht sceimhlitheoireachta ETA. Tá an bua ag an daonlathas agus ag an tsaoirse sa Spáinn agus ar fud an Aontais gan aon agó, agus i ndáil leis seo is mian leis an gComhairle Eorpach a chur in iúl don Rialtas, do na páirtithe polaitiúla, do na fórsaí slándála, do na húdaráis fhorfheidhmithe dlí agus do shochaí na Spáinne trí chéile, gur mór aici a ndiongbháilteacht agus a ndaingne sa streachailt fhada seo i gcoinne foréigin ó sceimhlitheoirí. Tá aitheantas dlite freisin don chomhar Eorpach agus don dlúthpháirtíocht luachmhar Eorpach a fuarthas, le focal speisialta buíochais ag dul do Rialtas na Fraince. Agus coinneoimid i gcuimhne go speisialta íospartaigh an fhoréigin seo, cuimhne a mhairfidh beo, chun nach mbeidh foréigean den chineál seo ann arís, rud nár cheart a bheith ann an chéad lá riamh.